Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9837/21**

**COPS 232**
**CIVCOM 104**
**POLMIL 90**
**CFSP/PESC 597**
**CSDP/PSDC 319**
**RELEX 564**
**JAI 730**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9678/21 COPS 226 CIVCOM 101 POLMIL 87 CFSP/PESC 574 CSDP/PSDC 308 RELEX 537 JAI 710 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige an Aontais i leith na hoidhreachta cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige an Aontais i leith na hOidhreachta Cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Meitheamh 2021.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR CHUIGE AN AONTAIS I LEITH NA hOIDHREACHTA CULTÚRTHA I gCOINBHLEACHTAÍ AGUS I nGÉARCHÉIMEANNA**

1. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 8 Aibreán 2019 maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh (AE) i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus athdhearbhaíonn sí a tacaíocht do chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a chomhtháthú i mBeartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle coincheap an Aontais maidir leis an oidhreacht chultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna, lena rannchuidítear go mór le feabhas a chur ar chur chuige straitéiseach an Aontais i leith na síochána, na slándála agus na forbartha.

2. Aithníonn an Chomhairle ról na hoidhreachta cultúrtha mar mheán tábhachtach don tsíocháin, don daonlathas agus don fhorbairt inbhuanaithe trí chaoinfhulaingt, comhthuiscint, athmhuintearas, idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh a chothú, teannas sóisialta a mhaolú agus géarú athnuaite ar choinbhleacht fhoréigneach a chosc. Ag an am céanna, aithníonn an Chomhairle freisin gur féidir an oidhreacht chultúrtha a bheith mar lasair sa bharrach do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna agus go bhféadfaidh sí a bheith faoi réir bréagaisnéise nó ionramháil faisnéise.

Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá feasacht agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha mar chuid de chur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de, le linn gach céim de choinbhleachtaí agus géarchéimeanna. Tá sé ríthábhachtach an oidhreacht chultúrtha a chosaint, chomh maith le hurraim don éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn, chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc, chun an bhréagaisnéis a chomhrac agus chun idirphlé dearfach agus cuimsiú dearfach a chruthú. Meabhraítear don Chomhairle freisin na conclúidí uaithi an 7 Nollaig 2020 maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais Eorpaigh agus athdhearbhaíonn sí ról na hoidhreachta cultúrtha mar phointe iontrála don idirghabháil.

3. Aithníonn an Chomhairle go gcabhraíonn rannpháirtíocht san oidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear cosaint agus caomhnú na hoidhreachta sin, i ndiaidh coinbhleachta nó géarchéime, le féiniúlachtaí daoine aonair agus pobal a chosaint, agus gur bonn atá ann don téarnamh inbhuanaithe agus don tsíocháin mharthanach, agus ar an gcaoi sin go rannchuidíonn sí le hathléimneacht fhoriomlán na sochaithe. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir a thábhachtaí atá na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha agus molann sí cur chuige agus gníomhaíochtaí nithiúla lena ndírítear ar fhorbairt chuimsitheach inbhuanaithe a fheabhsú, lena n-áirítear i dtéarmaí deiseanna fostaíochta do phobail áitiúla. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin ar a thábhachtaí atá an turasóireacht chultúrtha inbhuanaithe chun tacú le slite beatha eacnamaíocha agus chun deiseanna fostaíochta a chruthú.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá úinéireacht áitiúil agus an gá atá ann riachtanais agus rannpháirtíocht na bpobal áitiúil a chur i gcroílár na n-iarrachtaí agus tacaíocht á tabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun cosaint na hoidhreachta cultúrtha a áirithiú. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an digiteáil agus fothú acmhainneachta sa réimse sin á saothrú, lena n-áirítear an gá le feasacht a fheabhsú maidir leis na bunachair sonraí atá ann cheana a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha atá i mbaol. Molann sí úsáid arduirlisí agus ardteicneolaíochtaí digiteacha chun an oidhreacht chultúrtha a thaifeadadh, a dhoiciméadú agus a chaomhnú.

5. Dearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé a bheith rannpháirteach san oidhreacht dholáimhsithe mar bhealach chun comhthuiscint a fhorbairt, go háirithe trí fheabhas a chur ar idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh agus trí tharchur na dtraidisiún agus an eolais a áirithiú. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá Coinbhinsiún UNESCO 2003 maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe agus cuireann sí i bhfios go láidir an chomhlántacht agus na hidirnaisc is féidir a bheith ann idir an oidhreacht dholáimhsithe agus inláimhsithe. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle gur gá tacú le bearta lena ndírítear ar thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide ar an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a mhaolú.

6. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá cur chuige luach-bhunaithe an Aontais agus an oidhreacht chultúrtha á cosaint i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna. Cuireann sí i dtábhacht freisin an gá atá le cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de a ghlacadh agus prionsabal na neamhdhíobhála a urramú. Is díol sásaimh di an rannchuidiú dearfach is féidir le coincheap an Aontais a dhéanamh don Fhreagracht maidir le Cosaint trí thacú le iarrachtaí lena ndírítear ar an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus ar a scrios a chosc.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas don chlár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS) a chur chun feidhme go hiomlán agus tugann sí dá haire rannchuidiú choincheap an Aontais maidir leis an oidhreacht chultúrtha le cur chun feidhme chreat beartais an Aontais maidir le clár WPS, lena n-áirítear Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le MSS. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach comhionann neamh-idirdhealaitheach i gcás rannphpáirtíocht san oidhreacht chultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna, go háirithe i ngnéithe a bhaineann le hinscne, leis an óige, le daoine ar de mhionlaigh iad, le creideamh reiligúnach agus le pobail, agus le pobail dhúchasacha.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir tiomantas an Aontais an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú agus a neartú, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus iltaobhachas éifeachtach a áirithiú bunaithe ar urraim do noirm agus do phrionsabail an dlí idirnáisiúnta, don dlí daonnúil idirnáisiúnta, do chosaint chearta agus saoirsí bunúsacha an duine. Aithníonn an Chomhairle freisin gné chearta an duine den tsaincheist seo, i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle um Chearta an Duine an 6 Deireadh Fómhair 2016 maidir le Cultural rights and the protection of cultural heritage [Cearta cultúrtha agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha].

Meabhraíonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a neartú, go háirithe Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) agus Comhairle na hEorpa (CnE), eagraíochtaí réigiúnacha, chomh maith le heagraíochtaí ábhartha idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha, chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint.

9. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chur chun suntais sna doiciméid straitéiseacha agus chlársceidealaithe ábhartha agus a phríomhshruthú in obair na Comhairle faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála.

10. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil cur chuige an Aontais i leith na hoidhreachta cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais i leith Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, ar cur chuige é atá mar chuid de fhreagairt an Aontais, atá comhleanúnach ó thaobh na polaitíochta agus na hoibríochtúlachta de, i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht a bhaineann le comhordú idir ionstraimí agus tionscnaimh faoi seach na mBallstát chun feabhas a chur ar an gcumas freagairt go tapa ar an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus chun a scrios a chosc le linn géarchéimeanna agus ina ndiaidh chun cuspóir cobhsaíochta agus síochána.

Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá sé cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chomhtháthú i ngach gné ábhartha de bhosca uirlisí an Aontais le haghaidh coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, lena n-áirítear sa Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), chomh maith le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus in ionstraimí airgeadais iomchuí, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – An Eoraip Dhomhanda.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin an tábhacht a bhaineann leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh misin agus oibríochtaí CBSC a chur ar fáil, agus lánurraim á tabhairt dá bpríomh-shainorduithe, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála a bhaineann le caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha.

I ndáil leis sin, agus i gcomhréir leis an gComhshocrú Sibhialtach CBSC agus leis na Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2020, tá an Chomhairle ag tnúth le mionchoincheap tiomnaithe chun féachaint an bhféadfaí iarrachtaí mhisin shibhialtacha CBSC a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, sa réimse sin, amhail trí chláir fothaithe acmhainneachta nó trí ghníomhaíochtaí oiliúna féideartha.

12. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 16 Meitheamh 2020 maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais i ndáil leis an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac. Cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil nasc ag tochailt mhídhleathach, creachadh agus gáinneáil ar mhaoin chultúrtha le bagairtí tromchúiseacha slándála, mar go gcuireann siad meán maoiniúcháin ar fáil do ghníomhaíochtaí eagraithe coiriúla agus sceimhlitheoireachta. Tá tionchar soch-chultúrtha aige sin freisin, mar is uirlis pholaitiúil a bhíonn ann chun pobail agus féiniúlachtaí a lagú. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé treisiú a dhéanamh go práinneach ar an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i maoin chultúrtha agus ar an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta ar bhonn na gcreataí dlíthiúla idirnáisiúnta atá ann cheana, amhail na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa agus ionstraimí dlíthiúla comhchosúla eile, i gcás inarb infheidhme. Iarrann sí go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí breise ann leis na gníomhaithe Ceartais agus Gnóthaí Baile. Tá sí ag tnúth go bhforbróidh an Coimisiún plean gníomhaíochta maidir le gáinneáil ar earraí cultúrtha mar a moladh sa Teachtaireacht uaidh maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025, a foilsíodh an 13 Aibreán 2021, agus cuireann sí in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghnéithe inmheánacha agus seachtracha an ábhair araon.

13. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar idir na haireachtaí ábhartha, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an saol acadúil, chomh maith le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta, réigiúnacha, idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé, i measc gheallsealbhóirí uile an Aontais, dea-chleachtais a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le tionscnaimh oidhreachta cultúrtha a fhorbraítear i staideanna coinbhleachta, géarchéime agus iarchoinbhleachta.

14. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), in éineacht leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha uile an Aontais, dea-chleachtais a mhalartú agus saineolas a fhorbairt lena ndíreofaí ar an oidhreacht chultúrtha a shruthlíniú agus a chosaint i gCosc Coinbhleachtaí agus sa Bhainistíocht ar Ghéarchéimeanna. Iarrann an Chomhairle freisin ar SEGS agus ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt don Choiste Polaitiúil agus Slándála, faoi cheann bliain amháin agus ar bhonn rialta, maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na mbeart a moladh agus na bpríomhghnéithe a leagadh amach sa Choincheap.